



## PREASEISIÚINT Uimh. 8/24

Lucsamburg, 16 Eanáir 2024

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-33/22 | Österreichische Datenschutzbehörde

### I bpriónsabal, ní mór do choiste fiosrúcháin pharlaimintigh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh

Ní hamhlaidh atá nuair a dhéanann sé gníomhaíocht a beartaíodh mar sin chun an tslándáil náisiúnta a chaomhnú

Ní mór do choiste fiosrúcháin arna bhunú ag Parlaimint Bhallstáit, agus a ceart chun an feidhmeannas a ghrinnscrídú á fheidhmiú aici, i bpriónsabal, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)<sup>1</sup> a chomhlíonadh. Ina theannta sin, i gcás nach bhfuil ach údarás maoirseachta amháin sa Bhallstát sin, tá an t-údarás sin, i bpriónsabal, inniúil chun maoirseachta a dhéanamh ar chomhlíonadh an choiste fiosrúcháin le RGCS. Os a choinne sin, i gcás ina ndéanann an coiste fiosrúcháin gníomhaíocht a beartaíodh mar sin chun an tslándáil náisiúnta a chaomhnú, níl sé faoi réir RGCS agus, dá bhrí sin, faoi réir rialú an údarás maoirseachta.

Teach Teachtaí Pharlaimint na hOstaire, coiste fiosrúcháin ar bun chun a shoiléiriú an raibh aon tionchar polaitiúil a líomhnaítear a bheith ann ar an Oifig Cónaighme um Chosaint an Bhunreachta agus um Fhrithsceimhilitheoireacht<sup>2</sup>.

D'éist an coiste fiosrúcháin sin le finn é ag éisteacht arna craoladh ag na meáin. Foilsíodh miontuairiscí na héisteachta sin ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hOstaire. D'ainneoin a iarrata ar anaithnídeacht, cuireadh ainm iomlán an fhinné san áireamh.

Agus é den tuairim go raibh lua a ainm contrártha le RGCS, chuir an finn gearán faoi bhráid Údarás um Chosaint Sonraí na hOstaire. Dúirt sé go raibh sé ag obair imscrúdaitheoir faoi cheilt i ngrúpa idirghabhála na bpóilíní atá freagrach as coireacht sráide a chomhrac. Dhiúltaigh an túdarás um Chosaint Sonraí don ghearán ar an bhforas gur chuir priónsabal dheighilt na gcumhactaí bac ar an údarás sin, mar bhrainse den fheidhmeannas, grinnscrídú a dhéanamh ar chomhlíonadh RGCS ag an gcoimisiún fiosrúcháin, a bhí ina ábhar don chumhacht reachtach. Thug an finné aghaidh ansin ar chúirteanna na hOstaire chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chur chuige sin.

D'fhiagraigh Cúirt Riaracháin na hOstaire den Chúirt Bhreithiúnais an bhfuil an coiste fiosrúcháin, a thagann faoin gcumhacht reachtach agus a dhéanann imscrídú ar ghníomhaíoltaí slándála náisiúnta, faoi réir RGCS agus maoirseachta an údarás cosanta sonraí.

Chinn an Chúirt Bhreithiúnais **nach mór** fiú do **choiste fiosrúcháin arna bhunú ag Parlaimint Bhallstáit** i bhfeidhmiú a cumhacta grinnscrúdaithe ar an bhfeidhmeannas, **i bpriónsabal, RGCS a chomhlíonadh**.

Is fíor nach bhfuil feidhm ag RGCS maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann údaráis Stáit le linn gníomhaíochta a bheartaítear chun slándáil náisiúnta a chaomhnú. Mar sin féin, faoi réir a fhíoraithe ag Cúirt Riaracháin na hOstaire, **ní dhealraíonn sé, sa cháil sin, gur beartaíodh leis an imscrídú atá i gceist an tslándáil náisiúnta a chaomhnú**. Bhí an coiste fiosrúcháin sin ceaptha imscrídú a dhéanamh an raibh aon tionchar polaitiúil aige ar údarás laistigh den fheidhmeannas, a raibh sé de chúram air an Bunreacht a chosaint agus an sceimhilitheoireacht a chomhrac.

Mar sin féin, d'fhéadfadh an tslándáil náisiúnta údar cuí a thabhairt, trí bhíthin beart reachtach, le teorainneacha ar na hoibleagáidí agus ar na cearta a eascraíonn as RGCS. Ní léir ón gcomhad, áfach, gur líomhain an coiste fiosrúcháin i dtrácht gur gá ainm an fhinné a nochtadh chun an tslándáil náisiúnta a chosaint agus go raibh a bhunús i mbeart reachtach. Mar sin féin, is faoi Chúirt Riaracháin na hOstaire a bheidh sé na fíoruithe is gá a dhéanamh ina leith sin.

**Ós rud é nár roghnaigh an Ostair ach údarás maoirseachta amháin a bhunú** de réir bhrí RGCS, **eadhon an tÚdarás um Chosaint Sonraí, tá an t-údarás sin inniúil i bpriónsal freisin chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh RGCS ag coiste fiosrúcháin amhail é sin atá i gceist, d'ainneoin phriónsal deighilt na gcumhachtaí.** Eascraíonn sé sin as éifeacht dhíreach RGCS agus as tosaíocht dhlí an Aontais, lena n-áirítear i ndáil leis an dlí bunreachtúil náisiúnta.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas chúirteanna na mBallstát, i gcomhthéacs díospóide atá os a gcomhair, ceist a chur chun na Cúirte Breithiúnais faoi léiriú ar dhlí an Aontais nó faoi bhailfocht gnímh de chuid an Aontais. Ní dhéanann an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh ar dhíospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé an cás a réiteach i gcomhréir le cinneadh na Cúirte Breithiúnais. Tá an cinneadh seo ina cheangal freisin ar aon chúirt nó binse náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist dlí os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar an lá fógartha.

Teaghmálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógaírt ar fáil ar "[Europe by Satellite](#)" ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteaghmáil linn!



<sup>1</sup> [Rialachán \(AE\) 2016/679](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

<sup>2</sup> An 1 Nollaig 2021, tháinig an Stiúrthóireacht um Shlándáil an Stáit agus um Sheirbhísí Faisnéise i gcomharbacht ar an Oifig.